# Dramhaíl Luachmhar

## Cuid 1

Tá an leoraí bruscair lán de bhruscar agus caithfidh sé dul chuig an Ionad Athchúrsála.

Caithfidh tú an leoraí a bhogadh chuig an Ionad Athchúrsála

Oscail Black Cat Logo ag an Leibhéal Gorm. Clóscríobh seo san fhuinneog ordaithe: sethome (fág spás) 67 (fág spás) 430 agus ansin brúigh an eochair Enter/Return.

Ansin, san fhuinneog ordaithe clóscríobh cs agus brúigh an eochair Enter/Return. Glanfaidh sé seo an scáileán agus cuirfidh sé an turtar chuig an suíomh ceart.

Gabh chuig an deilbhín Choose Background agus roghnaigh Browse. Brabhsáil chuig an Fhillteán Phoiblí, áit ar shábháil do mhúinteoir cúlra an bhóthair athchúrsála, agus oscail é.

Anois gabh chuig an deilbhín Choose a Turtle agus roghnaigh an leoraí.

# Dramhaíl Luachmhar

Caith tamall ag oibriú amach agus ag triail na n-orduithe leis an leoraí a thabhairt chuig an Ionad Athchúrsála.

Nuair atá sé i gceart agat, cuir isteach na horduithe uilig agus brúigh Enter.

Rithfidh sé seo do shraitheog uilig ionas go dtig leat feiceáil cé acu a oibríonn sé nó nach n-oibríonn.

Má bhogann do leoraí chuig an Ionad gan imeacht den bhóthar tá an tsraitheog i gceart agat agus thig leat do chuid oibre a phriontáil.

Mura n-oibríonn sé cliceáil an cnaipe Undo nó an cnaipe Home agus bain triail eile as.

Nuair atá an tasc críochnaithe agat gabh chuig an Fhuinneog File - Print - History.

Athraigh go dtí an Leibhéal Dearg, gabh go dtí Options - Speed agus roghnaigh Slow, ansin gabh chuig Save As le do chuid oibre a shábháil i d'fhillteán doiciméad.

Oscail d'fhillteán, taispeáin do dhuine éigin i do rang é agus pléigí dóigheanna, má tá dóigheanna ar bith ann, lena dhéanamh níos fearr.

# Dramhaíl Luachmhar

## Cuid 2

Caithfidh tú suaitheantas a dhearadh don Ionad Athchúrsála.

Tosaigh leathanach úr Logo (Leibhéal Gorm)

(a) Scríobh gnás le heicseagán beag a tharraingt, fad sleasa 100. Tabhair 'heics' ar do ghnás.

Is féidir leat dath ar bith nó leithead pinn ar bith a úsáid.
Ba chóir go mbeadh an chuma seo ar do heicseagán:



# Dramhaíl Luachmhar

(b) Scríobh gnás ina leabaítear 'heics' a dtugtar 'heics triarach' air.

Ba chóir go mbeadh an chuma seo ar do 'heicstriarach':



# Dramhaíl Luachmhar

(c) Scríobh gnás ina leabaítear heics agus heicstriarach leis an suaitheantas don Ionad Athchúrsála a dhéanamh. Tabhair 'Suaitheantas' ar do ghnás.

Ba chóir go mbeadh an chuma seo ar do shuaitheantas:



Priontáil do ghnásanna.

Athraigh go dtí Leibhéal Dearg, gabh go dtí Options - Speed agus roghnaigh Slow, ansin gabh go dtí Save As le do shuaitheantas a shábháil i d'fhillteán doiciméad.

Oscail do chomhad arís agus lig do dhuine éigin do chuid oibre a fheiceáil.